



# POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

## **Tuairisc Aontaithe - Cruinniú Bord Bainistíochta - 30 Meán Fómhair 2024**

Bhí cruinniú ag Bord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne ar an 30 Meán Fómhair sa scoil.

Seo a leanas an tuairisc aontaithe:

Glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach i mí an Mheithimh.

Bhí tuairisc ag an bpríomhoide.

Tréaslaíodh le daltaí na hArdteiste agus lena múinteoirí as na torthaí iontacha a bhaineadar amach i mbliana.

Bhí tuairisc ag an runaí don Bhord mar fhreagra ar na moltaí sa Mheastóireacht Scoile Uile 2019.

Pléadh comhfhreagras ó na Pátrúin, ón Roinn Oideachais agus ó dhaoine eile.

Chomhlíon an Bord Bainistíochta a gcuid dualgas maidir le Cosaint Leanaí.

Chuir runaí an bhoird ar an eolas sinn maidir le cúrsaí fostaíochta sa scoil.

Bhí tuairisc ón bhFochoiste Airgeadais maidir le cúrsaí airgid.

Pléadh na Tionscadail Chaipitil, na hoibreacha éigeandála san áireamh.

Bhí plé ar an bPlean Riachtanais Speisialta Oideachais don scoilbhliain 2024 / 2025.

Aontaíodh go mbeadh na cruinnithe den Bhord Bainistíochta don scoilbhliain 2024/ 2025 ar na dátaí seo a leanas: 30 Meán Fómhair 2024, 11 Nollaig 2024, 5 Feabhra 2025, 9 Aibreán 2025, 11 Meitheamh 2025

Beidh an chéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta ar siúl ar an 11 Nollaig 2024.